




Plean Straitéiseach 2016-2020





NSAI

Plean Straitéiseach

2016-2020

Réamhrá ón Aire	2
Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach	4
Maidir le NSAI	6
Réamhrá	7
Bonneagar Cáilíochta Teicniúla	7
Ár gCuid Seirbhísí	8
Caighdeánú	8
Méadreoilíocht Eolaíoch agus Thionsclaíoch	8
Méadreoilíocht Dlí	8
Measúnú Comhréireachta	8
Ár nDirghníomhaíocht leis an Rialtas agus an Sainchúram Dlí atá Orainn	9
Cúlra	9
An Sainchúram Dlí atá Orainn	10
Forbairt Straitéise	12
Comhthéacs	13
Ráiteas Mísin, Ráiteas Físe agus Ráiteas Luachanna	14
Athbhreithniú ar Sheirbhísí/Feidhmeanna	15
Creat Straitéiseach	17
Torthaí Straitéiseacha	18

Téamaí Straitéiseacha – Réasúnaíocht, Cuspóirí, Torthaí Inmhianaithe, Tionscnaimh agus Táscairí Feidhmíochta	19
Bonneagar Cáilíochta Teicniúla	20
Sármhaitheas Ghnó	24
An Timpeallacht Ghnó Dhomhanda	28
Soláthar Seirbhísí agus Bainistíocht Feidhmíochta	31
Pleananna Gnó Trí Bliana	32
Pleananna Oibriúcháin Bliantúla	32
Tuairiscí ar Fheidhmíocht	32
Príomh-Rioscaí	32
Ár nDaoine agus ár bPróisis	33
Na Daoine	33
Cáilíocht	34
An Teicneolaíocht	34
Cúrsaí Airgeadais	34
Athchóiriú na hEarnála Poiblí	35
Aguisín 1 – Critéir Measúnaithe i dtaobh Fheidhmeanna NSAI	36
Aguisín 2 – Ballraíocht in Eagraíochtaí Caighdeán Idirnáisiúnta	38
Aguisín 3 – Coistí um Chaighdeán	40

Réamhfhocal ón Uasal Pat Breen TD, An tAire Fostaíochta agus Mionghnóthaí



I mo cháil mar an tAire atá freagrach as an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), ba mhaith liom mo chomhghairdeas a dhéanamh leis an Údarás as ucht na Straitéise dá chuid i leith na tréimhse 2016-2020. Is léir go bhfuil obair fhónta déanta ag NSAI chun a bheith ag teacht le straitéis an Rialtais. Tá an tír seo tar éis teacht as an gcúlú geilleagrach is measa riamh agus tá borradh ag teacht faoi gheilleagar na hÉireann arís anois, agus poist atá ag teastáil go géar á gcruthú i ngach réigiún.

Bhí an Plean Gníomhaíochta do Phoist ina phríomhuirlis maidir le poist nua a chruthú ina n-ionad siúd a cailleadh le linn na lag trá sa gheilleagar. Thug na gníomhartha atá sa Phlean an deis do Ranna Rialtais agus do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit scrúdú a dhéanamh as an nua ar an méid a dhéanann siad agus conas a dhéanann siad é agus díriú ar níos mó a bhaint amach le níos lú acmhainní. Tá áthas orm a rá go léiríonn an fhianaise go bhfuil go leor bainte amach le blianta beaga anuas i dtaobh an inbhuaine fhioscach a chur i réim arís, an córas baincéireachta a chobhsú, feabhas a chur ar ár gcumas iomaíochta thar lear agus poist a chruthú.

Tacaím leis an bhfís atá leagtha amach i straitéis NSAI don tréimhse 2016-2020 lena bhféachtar le tacú le hearnáil na tionsclaíochta in Éirinn trí sheirbhísí den scoth a sholáthar i ndáil le caighdeánú, deimhniúchán agus tomhas. Baineann an-tábhacht le cumas iomaíochta na hÉireann a chothabháil agus a fheabhsú má táthar chun fás geilleagrach a chothú agus poist a chruthú. Is uirlis luachmhar do ghnólachtaí, bíodh siad beag nó mór, i ngach aon earnáil iad na caighdeáin agus an deimhniúchán, agus tá an rud céanna fíor i gcás réimsí oibre nua agus cinn atá ag teacht chun cinn, amhail an Margadh Aonair Digiteach, áit a bhfuil deiseanna trádála nua le tapú ag cuideachtaí agus tíortha a thabharfaidh fúthu gan mhoill.

I mo cháil mar Aire Fostaíochta agus Mionghnóthaí, ba mhaith liom go dtapófaí gach deis d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann ionas gur féidir margaí nua Eorpacha agus idirnáisiúnta a rochtain, go háirithe tráth a bhfuil tionchar an Bhreimeachta tosaithe á chur in iúl, rud is cúis le roinnt onnmhairí Éireannacha a bheith ag smaoinreamh ar mhargaí onnmhairíochta nua a aimsiú. Tá ceangal idir úsáid a bhaint as caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus as córais cháilíochta i ndáil le táirgí agus seirbhísí agus cur le cumas iomaíochta gnólachta. Maidir leis sin, spreagaim NSAI chun leanúint ar aghaidh ag déileáil le gnólachtaí chun an deacracht a bhaint as gnéithe teicniúla na gcaighdeán agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus comhairle a chur orthu maidir le conas is féidir leis na caighdeáin cabhrú leo.

Tacaím leis na cuspóirí is bonn le straitéis nua NSAI agus táim ag tnúth le hathbheithniú a dhéanamh ar na torthaí a bhainfear amach sa tréimhse agus ar na tairbhí a thiocfaidh astu i leith gheilleagar na hÉireann ina iomláine agus do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí go háirithe.

Pat Breen TD

An tAire Fostaíochta agus Mionghnóthaí

Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach



Tá áthas orainn Plean Straitéiseach NSAI le haghaidh 2016-2020 a chur i láthair.

Ar bhonn taighde a rinneadh le bliain anuas, is eol dúinn go bhfuil ról tábhachtach ag caighdeáin maidir le luas an fháis gheilleagraigh agus an líon post a chruthaítear a chinneadh san fhadtréimhse. Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé chomh maith go gcreideann ceathrar as gach seisear go gcabhraíonn caighdeáin le dlús a chur faoin aistriú teicneolaíochta agus gur chuir an caighdeánú ar a gcumas do ghnólachtaí barainneacht scála a bhaint amach – tá sé sin ina bhonn daingean ar mhaith linn tógáil air.

Is é croílár ár straitéise é uailmhian, fócas, agus scála na seirbhíse a bheidh á tairiscint ag NSAI sna cúig bliana amach romhainn a leagan síos, tráth a bhfuil an eagraíocht seo ag teacht as tréimhse ina rabhthas i mbun athdhaingniú tréan trí ghearradh siar. Chun a n-ábharthacht a chinneadh i leith na dtosaíochtaí atá ag gnólachtaí agus sochaí na hÉireann faoi láthair, rinneadh athbhreithniú agus athmheasúnú cuimsitheach ar na seirbhísí agus na feidhmeanna lárnacha go léir de chuid NSAI.

Chuipe sin, tá an straitéis fhoilsithe seo bunaithe ar shamhail agus plean airgeadais mionsonraithe cúig bliana a ullmhaíodh chun léargas a thabhairt ar an athrú aschuir, ar an gcion i leith an mhísin, agus ar an nglanchostas nó an glanioncam a ghabhann le gach aon cheann dár seirbhísí caighdeánaithe, measúnaithe comhréireachta, méadreolaíochta tionsclaíche agus méadreolaíochta dlí.

Dá réir sin, cuirfear deireadh le roinnt gníomhaíochtaí neamhlárnacha nó gearrfar siar go mór iad, agus beimid ag déanamh leathnú ar réimsí tábhachtacha eile, lena n-áirítear comharthaí CÉ a bhronnadh chun feistí leighis a cheadú, an caighdeánú lena dtacaítear le digitíú agus TFC, taighde EMPIR, rannpháirtíocht i bhFís 2020, deimhniúchán um Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe, agus cumhdach geografach ár ngníomhaíochtaí méadreolaíochta dlí.

Chloíomar le téamaí lárnacha an bhonneagair cáilíochta teicniúla agus na sármhaitheasa gnó (ó Phlean Straitéiseach 2013-2015), ar a bhfuil cuid mhór de ghníomhaíocht NSAI dírithe. Tacaíonn na gnéithe sin le beartas an Rialtais maidir le téarnamh trí mhargaí domhanda a oscailt d'onnmháireoirí Éireannacha an tráth a bhfuiltear á chinntiú go mbeidh na tairbhí is fearr is féidir ag gnólachtaí agus tomhaltóirí sa tír seo.

Táimid tar éis téama nua na timpeallachta gnó domhanda a chur leis an bplean chun aird a dhíriú ar an ról atá ag NSAI maidir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur i réim arís sa ghnó Éireannach ina lán réimsí agus maidir le tacú le leasanna na hÉireann ar fud comhlachtaí éagsúla, ar domhan agus san Eoraip, a bhíonn ag plé le rialú caighdeán. Mar shampla, táthar ag féachaint ar thairiscint fhéideartha nua – Seirbhís Eolais Theicniúil – chun treoir a thabhairt do chuideachtaí atá bunaithe in Éirinn atá ag triail cloí leis na caighdeáin agus na rialacháin theicniúla iomadúla ón Aontas Eorpach.

Agus aird againn ar an mbrú leanúnach atá orainn srian a chur le líon foirne na seirbhíse poiblí agus leis an gcaiteachas sa státseirbhís, mar aon le dul i ngleic le patrún déimeagrafach aoise na foirne agus an gá atá le pleanáil chomharbais, ceapadh an straitéis seo go cúramach chun cothromaíocht a bhaint amach idir seirbhísí a ngearrtar táillí orthu agus seirbhísí arna gcistiú go príomha ag an gcáiníocóir, ionas gur féidir leathnú tapa a dhéanamh ar ár ngníomhaíocht ar mhaithe le leas an phobail – tacú leis an iomaíochas, cleachtas cóir trádála, cosaint tomhaltóirí agus cosaint an chomhshaoil, sláinte agus sábháilteacht, agus inbhuaíne – gan tarraingt dá réir ar acmhainní an státchiste.

Cé go mbeidh gá le cistiú breise in 2017 agus 2018 chun tús láidir a chur leis na bearta atá luaite sa straitéis seo, tiocfaidh méadú ar an ioncam a thuillfear ó chlár measúnaithe comhréireachta in Éirinn agus thar lear agus déanfaidh sé an cistiú sin a fhritháireamh de réir a chéile, sa chaoi is go mbeidh an glanchostas ar an státchiste ag deireadh thréimhse na straitéise beagnach ar aon dul leis an gcostas a chuirimid air anois, cé go mbeidh méadú thart ar 20% tagtha ar an leibhéal seirbhíse.

Le linn an choir chun donais sa gheilleagar, laghdaigh NSAI a líon foirne de níos mó ná 30%, ó 205 duine go dtí 135. Agus an eagraíocht agus a punann seirbhíse á n-atógáil, tá líon na mball foirne le méadú go dtí 170 duine thar cúig bliana. Tá an líon sin daoine fós thart ar 15% níos ísle ná mar a bhí i mbuaic-ré fostaíochta na heagraíochta. Bainfear an méid sin amach trí chur chun feidhme na teicneolaíochta TFC, trí thionscnaimh um sholáthar seirbhísí seachtracha, agus trí chlár ISO 9001 agus an clár LEAN/Barr Feabhais i leith Oibríochta atá á reáchtáil go rathúil ó 2010 i leith.

Níor éirigh linn tréimhse na lag trá sa gheilleagar a chur dínn agus a laghad drochthionchair a d'fhéadfaí á imirt ar úsáideoirí ár seirbhíse ach amháin trí dhúthracht agus gairmiúlacht iontach ár bhfostaithe, a chuir luachanna na heagraíochta in iúl go cumasach i gcúinsí dúshlánacha. Ba mhaith linn ár mbuáil ó chroí a chur in iúl don fhoireann ar fad agus táim ag tnúth le leanúint lenár gcuid oibre le chéile chun cumas iomaíochta idirnáisiúnta ghnólachtaí na hÉireann a spreagadh agus chun an bonneagar riachtanach a sholáthar le haghaidh timpeallacht trádála shábháilte, tharraingteach dár dtomhaltóirí.

Julie O'Neill

Cathaoirleach

Maurice Buckley

Príomhfheidhmeannach

Maidir le NSAI



Réamhrá


Bunaíodh NSAI faoin Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 agus tuairiscíonn sé don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ina ról mar an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as seirbhísí teicniúla lárnacha an chaighdeánaithe, na measúnaithe comhréireachta agus na hinrianaítheachta tomhais, tá sé ina shainchúram ar NSAI a chinntiú go soláthrófar na seirbhísí sin go cumasach, éifeachtach agus gur féidir le gnólachtaí Éireannacha¹ leas a bhaint astu go tráthúil éifeachtach.

Is mar seo a leanas a chomhlíontar cuspóir NSAI:

- ▶ Trína spreagadh go mbainfear úsáid as caighdeáin d'fhonn feabhas a chur ar na próisis agus na modhanna a mbaineann lucht tionsclaíochta ar fud na tíre leas astu;
- ▶ Trí chaighdeáin, treoracha, moltaí agus cóid chleachtas a ullmhú i leith na bpróiseas agus na gcleachtas a úsáidtear sa tionscal déantúsaíochta agus sa tionscal seirbhísí;
- ▶ Trí pháirtithe leasmhara a spreagadh chun páirt mhór a ghlacadh i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe ar an leibhéal náisiúnta, leibhéal na hEorpa agus an leibhéal idirnáisiúnta, agus éascú dóibh chuige sin;
- ▶ Trí dheimhniúchán a aithnítear go hidirnáisiúnta a sholáthar do ghnólachtaí maidir le táirgí, próisis nó cleachtas lena dheimhniú go gcloínn siad leis na caighdeáin nó na sonraíochtaí ábhartha;
- ▶ Trína chinntiú go bhfuil fáil ag earnáil na tionsclaíochta ar chaighdeáin tomhais atá inrianaíthe ar bhonn idirnáisiúnta;
- ▶ Trí chalabhrú a sholáthar i dtaobh gléasanna ard-mhionchruinnis; agus
- ▶ Trí mhaoirseacht a dhéanamh ar thomhais agus uirlisí tomhais a úsáidtear i mbun trádála.

Bonneagar Cáilíochta Teicniúla

Is é NSAI an comhlacht náisiúnta is bonn le bonneagar cáilíochta teicniúla na hÉireann, ina gcuimsítear ceithre cinn as na cúig ghné de na scileanna innealtóireachta agus teicniúla a aithnítear go hidirnáisiúnta de chóras trádála éifeachtach.²



Fíor 1: Compháirteanna de Chóras Trádála Éifeachtach

1 Tá 185,500 gnólacht gníomhach ag fostú os cionn 1.2m duine in Éirinn, Business in Ireland 2012, foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh 2014.

2 UNIDO/ISO Fast Forward 2008

Téann na disciplíní comhtháite agus idirghaolmhara sin a sholáthraíonn NSAI chun tairbhe earnáil na tionsclaíochta in Éirinn go háirithe agus don tsochaí trí chéile toisc go gcoinníonn na cuideachtaí atá níos iomaíche a sciar den mhargadh agus, thairis sin, go mbíonn an-deis acu leathnú amach sa bhaile agus thar lear. Bíonn tionchar dearfach aige sin ar leibhéal fostaíochta agus ar cháilíocht fhoriomlán na beatha, agus baineann gach saoránach tairbhe freisin as bearta níos láidre sláinte agus sábháilteachta agus cosaint níos fearr do thomhaltóirí agus don chomhshaol.

Ár gCuid Seirbhísí

Soláthraíonn NSAI a chuid seirbhísí trí na gníomhaíochtaí lárnacha seo a leanas:

Caighdeánú

Forbraíonn, foilsíonn agus cuireann NSAI chun cinn caighdeáin Éireannacha, caighdeáin Eorpacha agus caighdeáin idirnáisiúnta d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht, cáilíocht, dearadh, feidhmíocht agus sábháilteacht na n-earraí arna dtáirgeadh agus na seirbhísí arna soláthar, mar aon lena dtionchar ar an gcomhshaol a fheabhsú.

Bíonn NSAI ag gabháil d'fhorbairt caighdeán, tríd an líonra náisiúnta coistí comhairliúcháin³ nó trí choistí caighdeán idirnáisiúnta⁴, tugann sé rochtain do ghnólachtaí Éireannacha ar líonra páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta (taighdeoirí/saineolaithe a bhíonn ag plé le caighdeáin, custaiméirí féideartha, lucht iomaíochta, soláthraithe, tomhaltóirí agus úsáideoirí), trínar féidir le gnólachtaí dul i bhfeidhm ar chaighdeáin na todhchaí a bhaineann lena gcuid tionscal féin.

Méadreoilíocht Eolaíoch agus Thionsclaíoch

Trí mheán na Saotharlainne Náisiúnta Méadreoilíochta, comhlíonann NSAI ról institiúid méadreoilíochta náisiúnta na hÉireann, is é sin méadreoilíocht thionsclaíoch agus eolaíoch a sholáthar do lucht tionscail na hÉireann trí rochtain ar chaighdeáin tomhais atá inrianaithe go hidirnáisiúnta, mar aon le calabrú ar ghléasanna ard-mhionchruinnis. Tacaíonn na gníomhaíochtaí sin le gnólachtaí a bhfuil gá acu le hardleibhéal cruinnis sa tomhas ar fud a gcuid próiseas forbartha, déantúsaíochta agus rialaithe.

Méadreoilíocht Dlí

Is í an Méadreoilíocht Dlí feidhm rialála NSAI, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar thomhais agus ar uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil, agus tá an chumhacht aici chun imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh mar gheall ar shárúithe ar an reachtaíocht a bhaineann leis an méadreoilíocht. Feidhmíonn an Méadreoilíocht Dlí ar shamhail measúnaithe ar bhonn riosca lena gclúdaítear 40,000 trádálaí agus 75,000 uirlis trádála a úsáidtear thar réimse leathan earnálacha tionscail, ó tháirgeadh bia, lena n-áirítear fiontair a bhíonn i mbun onnmhairíochta, chuig miondíoltóirí áitiúla. Cuireann na cosaintí sin bonn taca faoin gcothromas trádála agus faoi mhuinín na dtomhaltóirí, rud a chuireann go mór le cobhsaíocht an gheilleagair is gaire don phobal.

Measúnú Comhréireachta


Trí scéimeanna atá aitheanta go hidirnáisiúnta, soláthraíonn NSAI seirbhís neamhspleách tríú páirtí um measúnú comhréireachta, a chuireann ar a gcumas do ghnólachtaí a léiriú dá gcuid custaiméirí, dá bpáirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne go gcomhlíonann a gcuid táirgí nó seirbhísí na caighdeáin chuí. Tá sraith chuimsitheach scéimeanna ar fáil chun freastal ar riachtanais earnáil na tionsclaíochta ina dtaobh seo a leanas:

- ▶ Deimhniúchán éigeantach – in earnálacha áirithe, amhail earnáil an leighis agus earnáil na ngluaisteán, ní féidir táirgí nó seirbhísí a chur ar an margadh mura bhfuil ceadú nó deimhniú faighte ó chomhlacht ainmnithe ceadaithe.
- ▶ Deimhniúchán deonach – baineann gnólachtaí leas as sin chun cur lena n-éifeachtúlacht nó chun a léiriú go gcomhlíonann a gcuid táirgí agus seirbhísí riachtanais na gcaighdeán.

3 Féach Aguisín 3: Coistí Comhairliúcháin um Chaighdeáin

4 Féach Aguisín 2: Ballraíocht in Eagraíochtaí Caighdeán Idirnáisiúnta

Ár nIdirghníomhaíocht leis na Ranna Rialtas agus an Sainchúram Dlí atá Orainn



Fíor 2: Samplaí den idirghníomhaíocht idir NSAI agus Ranna agus Gníomhaireachtaí de chuid Rialtas na hÉireann

Cúlra

Tá an timpeallacht rialála Eorpach ag teacht chun cinn agus chun aibíochta tar éis 20 bliain oibre as ar eascair cuid mhór reachtaíochta a bhaineann le comhchuíbhíú teicniúil. Mar thoradh air sin, tá dúshlán earnáil na tionsclaíochta in Éirinn á chur ag comhthéacs rialála atá ag éirí níos casta i leith táirgí agus seirbhísí, as a dtagann ceanglais nua nó ceanglais nuashonraithe i dtaobh an chomhlíonta, cinn nach mbítear ag súil leo i gcónaí. Sna himthosca sin tá an idirghníomhaíocht idir NSAI agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit éagsúla tar éis dul i méid go mór, as ar eascair sainchúram méadaithe dlí agus beartais mar a léirítear thíos.

An Sainchúram Dlí atá Orainn

Reachtaíocht Phríomha

- ▶ An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996
- ▶ Na hAchtanna Méadreolaíochta 1980-1998
- ▶ Rialachán maidir le Caighdeáin (AE) 1025/2012

Ainmniúcháin, Ceapacháin agus Aitheantais

COMHLAcht DÁ DTUGtar FÓGRA I DTAOBH MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA A BHAINeANN LE COMHARThAÍ CE NA HEORPA

- ▶ Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 – Táirgí Foirgníochta
- ▶ Treoir 90/385/CEE maidir le Feistí Leighis Gníomhacha So-lonchlannaithe
- ▶ Treoir 93/42/CEE maidir le Feistí Leighis
- ▶ Treoir 98/79/CE maidir le Feistí Liachta Diagnóiseacha In Vitro
- ▶ Treoir 2014/31/AE (2009/23/CE mar a bhíodh) maidir le Meánna Neamh-Uathoibríochá
- ▶ Treoir 2014/32/AE (2004/22/CE mar a bhíodh) maidir le hUirlisí Tomhais

NITHE A BHAINeANN LE MÓTARFHEITHICLÍ AGUS GLUAISTEÁIN

- ▶ An tÚdarás Ceadúnúcháin Náisiúnta ina leith seo a leanas –
 - ▶ cineálcheadú náisiúnta, Eorpach agus UNECE ar fheithiclí paisinéirí agus feithiclí tráchtála, agus córais agus comhpháirteanna a bhaineann leo (I.R. Uimh 157 de 2009, I.R. Uimh 158 de 2009).
 - ▶ cineálcheadú ar Mhótarfheithiclí Dhá nó Trí Roth agus Cuadrothar (I.R. Uimh 614 de 2015).
 - ▶ rialú ar Astaíochtaí Truailleán Gásach agus Cáithníníeach ó Innealra Soghluaiseach Neamhbhóthair (I.R. Uimh 147 de 2007).
 - ▶ cineálcheadú ar Threalamh Iompair a úsáidtear chun Earraí Bia Meatacha a Iompar (I.R. Uimh 504 de 2004 agus I.R. Uimh 546 de 2004).
- ▶ An tÚdarás Inniúil ina leith seo a leanas –
 - ▶ measúnú comhréireachta ar ghabhdáin, umair agus coimeádáin do threalamh a úsáidtear chun earraí contúirteacha a iompar de bhóthar (I.R. Uimh 349 de 2011).
 - ▶ ceapadh agus maoirseacht ar cheardlanna i ndáil le Tacagraif, Plátaí agus Feistí Luasteorannaithe a shuiteáil.

FOIRGNÍOCHT AGUS AN TIMPEALLAChT THÓGThA

- ▶ Comhlacht Ainmnithe um Measúnú Teicniúil don Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta (AE) Uimh. 305/2011
- ▶ Aitheanta i ndáil le Deimhniú Agrément um Chomhlíonadh Rialacha Foirgníochta na hÉireann – I.R. Uimh. 497 de 1997

CIGIREACHTAÍ A BHAINeANN LE SEIRBHÍSÍ BIA

- ▶ 2004/1935/CE – Creat-rialachán ón AE ar Ábhair agus Nithe atá ceaptha lena bheith i dTadhall le Bia
- ▶ 80/777/CEE agus 2003/40/CE – Uisce Mianraí Nádúrtha

IASCAIGH MHARA

- ▶ An t-údarás inniúil i ndáil le meánna a úsáidtear i ndáil le córas rialaithe comhphobail an Aontais Eorpaigh (I.R. Uimh 54 de 2016)

Seirbhísí Faisnéise

POINTE TEAGMHÁLA NA HÉIREANN

- ▶ Fógraí faoi Threoir 2015/1535/AE maidir le Cosc ar Bhaic Theicniúla ar Thrádáil
- ▶ Faisnéis faoi Rialacha Teicniúla ar Tháirgí Neamh-chomhchuibhithe faoin Rialachán um Aitheantas Frithpháirteach (CE) 764/2008

SCÉIMEANNA UIMHRITHE IDIRNÁISIÚNTA DE CHUID ISO

- ▶ Uimhreacha Aitheantais Feithiclí na nDeantúsóirí Feithiclí
- ▶ Uimhir Cárta Creidmheasa/Cárta Dochair

Forbairt Straitéise



Comhthéacs

Ar bhonn idirnáisiúnta, de réir mar a thagann cruth nua ar chúrsaí trádála, trí shlabhraí luacha domhanda agus dúshláin chomhroinnte cosúil le cosaint aeráide, is tábhachtaí ná riamh é réitigh inbhuanaithe a fháil faoinar féidir an teicneolaíocht nua agus an nuálaíocht a scaipeadh. Sa chaibidlíocht trádála idirnáisiúnta, ar nós an TTIP5, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le caighdeánú agus measúnú comhréireachta mar ghnéithe den trádáil agus den fhás.

Sa tír seo, agus Éire ag filladh ar an bhfás geilleagrach láidir,⁶ ní mór do NSAI a chinntiú go gcoinneofar le neart an athchóirithe agus go soláthrófar a chuid seirbhísí i ndáil le caighdeánú, measúnú comhréireachta, méadreolaíocht thionsclaíoch agus méadreolaíocht dlí ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil lena dtacófar le téarnamh geilleagrach do ghnólachtaí, as a n-eascróidh níos mó muiníne i measc na dtomhaltóirí agus íoslaghú ar na rioscaí don phobal i gcoitinne.

Ullmhaíodh an straitéis atá againn i leith na tréimhse 2016-2020 i gcomhthéacs réamh-mheastachán dearfach ar chúrsaí geilleagracha, agus aitheantas á thabhairt d'fhadhbanna bunúsacha cosúil le fás táirgiúlachta níos ísle, go háirithe in earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide in Éirinn, áit is féidir le seirbhísí NSAI cion dearfach a dhéanamh. De réir mar a thiocfaidh borradh faoin ngeilleagar, beidh earnáil na tionsclaíochta in Éirinn ag lorg tacaíochtaí a chabhróidh le cur le héifeachtúlacht agus cáilíocht d'fhonn leathnú a dhéanamh ar a gcuid margaí le haghaidh earraí agus seirbhísí – is ansin atá NSAI ag féachaint le cion luachmhar a dhéanamh.

I suirbhé a choimisiúnaigh NSAI ar an gcion geilleagrach a dhéanann na caighdeáin in Éirinn⁷, fuarthas go bhfuil ról tábhachtach ag caighdeáin maidir le luas an fháis gheilleagraigh agus an líon post a chruthaítear a chinneadh san fhadtréimhse, agus go gcuirtear an cion geilleagrach sin i leith an ról ríthábhachtaigh – ar minic nach furasta é a fheiceáil – a bhíonn ag na caighdeáin maidir le dlús a chur faoin ngníomhaíocht onnmhairíochta agus infheistíochta díri coigríche tríd an dea-chleachtas a shainiú, an nuálaíocht a threisiú agus dlús breise a chur fúithi, ní hamháin i ndáil le táirgeadh agus déantúsaíocht, ach san earnáil seirbhísí go minic anois freisin.

Toisc gur geilleagar beag ardteicneolaíochta atá sa tír seo, tá tionchar nach beag ag forbairtí domhanda sa teicneolaíocht freisin ar fhoirmliú na straitéise seo, ós rud é go bhfuil gach tionscal, is cuma cé chomh mór nó beag atá sé, faoi anáil nó á athrú ó bhonn ag Idirlión na nEarraí agus Tionsclaíocht 4.0 – ar a dtugtar an ceathrú réabhlóid thionsclaíoch. Tá sé sin ina chuid de theacht chun cinn ar bhonn níos leithne “na sochaí digití líonraithe”, a chruthaíonn deiseanna ollmhóra – chomh maith le rioscaí – do ghnólachtaí mar gheall ar an tionchar suaiteach a d'fhéadfadh a bheith aige.

Ba ghnéithe lárnacha iad sin maidir leis an treo straitéiseach a shainiú i ndáil le freagra NSAI i dtaobh seirbhísí lárnacha a choinneáil ar bun agus é ag dul i ngleic le dálaí geilleagracha atá ag teacht chun cinn agus leis na hathruithe atá ag teacht ar chúrsaí tionsclaíochta ar domhan de réir a chéile.

5 TTIP: An Chomhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Trasatlantáil
6 ECFE, Suirbhéanna Geilleagracha ar Éirinn, 2015
7 Economic Contribution of Standards in Ireland Cebr 2015

Ráiteas Misin, Ráiteas Físe agus Ráiteas Luachanna

Tar éis do NSAI machnamh a dhéanamh ar riachtanais an mhargaidh atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí teicneolaíocha, chomh maith lenár gcreat reachtaíochta agus straitéis na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, léirítear ina ráiteas misin agus a ráiteas físe anois ról comhtháite ár gcion seirbhísi do bonneagar trádála na hÉireann.

An Misean atá againn

Ina cháil mar phríomhúdarás na hÉireann do sheirbhísi caighdeánaithe, deimhniúcháin agus tomhais, cuidíonn NSAI leis an timpeallacht ghnó is fearr is féidir a chothú le haghaidh trádála agus nuálaíochta trí shármaidheas agus saineolas maidir le seirbhísi ardchaighdeáin a sholáthar.

An Fhís atá againn

“A bheith inár bpríomhsholáthraí in Éirinn i ndáil le caighdeáin, deimhniúcháin agus saineolas tomhais den scoth chun éascú don trádáil agus chun tacú le fás geilleagrach inbhuanaithe.”

Ár gCuid Luachanna

SAINEOLAS

Aithnímid a thábhachtaí atá an saineolas teicniúil atá againn agus spreagaimid muid féin chun a bheith seasta á bheachtú lena chinntiú go gcoinneoidimid suas le hathruithe.

TIOMANTAS

Cinntimid cur chuige atá comhsheasmhach, dearfach inár gcuid oibre trí dhúthracht agus díograis na foirne.

NEAMHCHLAONTAUGHT

Cosnaímid neamhchlaontacht NSAI, lena ráthaítear nach mbeidh togracht ar bith i gceist inár gcuid oibre ná sa phlé eadrainn féin agus gnólachtaí nó an pobal.

RANNPHÁIRTÍOCHT

Tá meas againn ar ár gcustaiméirí agus léirímid cur chuige tarraingteach, measúil agus muid ag éisteacht le daoine eile agus ag tabhairt freagra orthu.

BRÓD AS AN OBAIR A DHÉANAIMID

Táimid bródúil as ár gcuid oibre, rud a chothaíonn an tsármhaith-eas agus a spreagann gach duine le bheith freagrach as ardchaighdeán oibre a dhéanamh.

CRÍOCHNÚLACHT


Is mór againn an chríochnúlacht inár gcuid oibre, agus ní mór don obair sin a bheith fóna san fhadtréimhse agus ní mór athruithe féideartha a chur san áireamh inti.

Athbheithniú ar Sheirbhísí/Feidhmeanna

Agus an straitéis seo á hullmhú agus cinneadh á dhéanamh ar phróifíl na seirbhísí a sholáthróidh NSAI amach anseo, rinneadh measúnú ar na feidhmeanna agus na hoibríochtaí go léir 8 i ndáil leo seo a leanas:

- ▶ cuidiú le misean NSAI roimh agus i ndiaidh chur chun feidhme na straitéise; agus
- ▶ airgead a thuilleamh don eagraíocht agus na héilimh uirthi.

Tugtar léargas i bhFíor 3 (Cion i dtaobh an Mhisean agus Cúrsaí Airgeadais – 2015 agus 2020) ar an athshainiú ar na feidhmeanna agus na hoibríochtaí dár gcuid is féidir a bhaint amach má éiríonn leis an straitéis seo.



Fíor 3: Cion i dtaobh Mhisean agus Cúrsaí Airgeadais NSAI – 2015 agus 2020

Déanfaimid féin cistiú, den chuid is mó, ar na feidhmeanna leasa poiblí i ndáil le Caighdeán, Méadreolaíocht Dlí agus an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta, trí mheán na seirbhísí ar a ngeartar táille agus a mheastar a dtiocfaidh fás nach beag orthu thar thréimhse na straitéise. Mar thoradh air sin, meastar go mbeidh an tacaíocht ón Státchiste do NSAI in 2020 fós ar leibhéal na bliana 2015, a bheag nó a mhór, leibhéal atá thart ar 33% níos lú ná mar a bhí an cistiú roimh an gcor chun donais sa gheilleagar.

Go sonrach, fágfaidh an infheistíocht ó NSAI i bhforbairt caighdeán, in obair thomhais na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta agus sa mhéadreolaíocht dlí go dtiocfaidh méadú nach beag ar leibhéal gníomhaíochta mar aon le hailíniú na seirbhísí sin ionas gur fearr a thacóidh siad le misean NSAI faoi 2020 (níos airde ar an ais cheartingearach i bhFíor 3).

Tá glanchostas don eagraíocht i gceist (de bharr na trí sheirbhís sin a bheith á n-aistriú ar chlé i gcairt na bliana 2020). Déanfar é sin a fhritháireamh tríd an gcion airgeadais ghlan ó na gníomhaíochtaí deimhniúcháin a bhfuil borradh fúthu – feistí leighis, mótarfheithiclí, foirgníocht, sármhaitheas gnó, bia agus gníomhaíochtaí deimhniúcháin eile – (ar thaobh na láimhe deise den chairt) i rith na tréimhse cúig bliana sin.

Léirítear tairiscint fhéideartha nua – Seirbhís Eolais Theicniúil – i gcairt na bliana 2020 freisin, chun treoir a thabhairt do chuideachtaí in Éirinn atá ag triail cloí leis na caighdeáin agus na rialacháin theicniúla iomadúla ón Aontas Eorpach. Féachfar ar indéantacht agus tairbhí seirbhíse dá samhail, agus ar an éilimh uirthi, i gcomhar le páirtithe leasmhara ar spéis leo í in 2016 sula nglacfar cinneadh deiridh ar cibé is ceart nó nár cheart acmhainní a leithdháileadh do sholáthar na feidhme nua sin.



Creáit Straitéiseach

Ceapadh an straitéis seo don tréimhse 2016-2020 chun tacú le gnólachtaí agus leis an téarnamh geilleagrach náisiúnta agus chun cuidiú leis na dálaí a chothú is gá le haghaidh fás inbhuanaithe fadtéarmach a chruthú trí chur le cumas iomaíochta na ngnólachtaí atá bunaithe in Éirinn.

Tá sé ina príomhaidhm ag an Údarás seirbhíse teicniúla riachtanacha a sholáthar i ndáil le Caighdeánú, Méadreolaíocht Dlí agus Measúnú Comhréireachta chun tacú le bonneagar teicniúil na hÉireann. Is iad an bonneagar cáilíochta teicniúla, mar aon le sármhaitheas ghnó agus an timpeallacht ghnó dhomhanda, trí príomhthéama na straitéise atá le cur chun feidhme ar fud ár n-eagraíochta:

- ▶ **Bonneagar Cáilíochta Teicniúla**
 - ▶ Bonneagar cáilíochta teicniúla a sholáthar do ghnólachtaí Éireannacha i gcomhréir leis an gcomhthéacs gnó agus an comhthéacs rialála; agus
 - ▶ Freagairt do na riachtanais atá ag lucht déanta beartais, rialtóirí, comhlachtaí forfheidhmiúcháin agus comhlachtaí um fhaireachas margaidh, a bhfuil cuid de na cuspóirí beartais céanna ag NSAI agus atá acu féin, agus ionchur á sholáthar acu i dtaobh bhonneagar cáilíochta na hÉireann.
- ▶ **Sármhaitheas Ghnó:**
 - ▶ A chinntiú go mbeidh na caighdeáin táirgí cuí ag gnólachtaí Éireannacha agus go ndéanfar deimhniúcháin cuí ar a gcórais bhainistíochta, go háirithe i gcás cuideachtaí onmhairíochta, chun cur lena n-éifeachtúlacht agus a gcumas iomaíochta agus chun a chinntiú go seasfaidh siad an fód⁹.
- ▶ **An Timpeallacht Ghnó Dhomhanda**
 - ▶ Leas a bhaint as an eolas agus saineolas atá ag an Údarás de bharr na ballraíochta agus na láithreachta idirnáisiúnta atá ag NSAI, ar mhaithe le bonneagar náisiúnta gnó agus trádála na hÉireann.

9

An Phríomhoifig Staidrimh, Staidéar ar Ghnó in Éirinn i leith an 16,700 gnólacht nua a bunaíodh in 2006; níor mhair ach 51.5% acu 5 bliana ar a laghad i mbun gnó.

Torthaí Straitéiseacha

Is iad seo a leanas torthaí inmhianaithe na straitéise seo:

- ▶ Go mbeimis inár gcomhlacht ardfheidhmíochta a sholáthraíonn seirbhísí teicniúla a oireann do na riachtanais atá ag gnólachtaí agus rialtóirí;
- ▶ Banc eolais feabhsaithe a chur ar fáil ina mbeidh faisnéis theicniúil agus comhairle;
- ▶ Sochair fheabhsaithe don lucht gnó trí chur le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas náisiúnta agus idirnáisiúnta um chaighdeánú;
- ▶ Tuiscint níos fearr i measc ceannairí gnó ar na sochair a bhaineann le caighdeánú, as a n-eascróidh méadú ar ghlacadh agus chur chun feidhme na gcaighdeán ar fud gnólachtaí Éireannacha;
- ▶ Seirbhís deimhniúcháin chuimsitheach lena dtacófar le forbairt gnó na hÉireann agus cumas iomaíochta na tíre;
- ▶ Leathnú ar na córais cigireachta agus fíoraithe as a n-eascróidh comhlíonadh níos fearr i dtaobh tomhais a úsáidtear sa trádáil;
- ▶ Na caighdeáin agus na seirbhísí méadreolaíochta a bheith ailínithe le hearnálacha a bhfuil tábhacht lárnach acu don Stát; agus
- ▶ Ionadaíocht chuimsitheach a bheith á déanamh ar leasanna náisiúnta i bhfóiraim idirnáisiúnta iomchuí.

Téamaí Straitéiseacha – Réasúnaíocht, Cuspóirí, Torthaí Inmhianaithe, Tionscnaimh agus Táscairí Feidhmíochta





Bonneagar Cáilíochta Teicniúla

Is amhlaidh, níos mó agus níos mó, go bhfuil an timpeallacht oibríochta gnó á mhúnlú ag na hathruithe ar an timpeallacht rialála ar an leibhéal domhanda, leibhéal na hEorpa agus an leibhéal náisiúnta. Tá sé aitheanta ag an Eagraíocht Trádála Dhomhanda go bhfuil comhlántacht na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil ar bhonn úsáid a bhaint as caighdeán idirnáisiúnta tagtha chun cinn anois mar cheann de na huirlisí tábhachtaí i dtaobh éascú don trádáil. Ó lár na 1980í, bhain cuid mhór den reachtaíocht táirgí ón Aontas Eorpach, arna treorú ag cuspóirí leasa poiblí i ndáil le sláinte agus sábháilteacht, tomhaltóirí a chosaint, an comhshaol a chosaint, inbhuaine agus cleachtas cóir trádála, le nósanna imeachta comhtháite um measúnú comhréireachta a dtacaíonn caighdeán Eorpacha go mór leo. Le blianta beaga anuas, tá bearta nua a tugadh isteach chun faireachas margaidh a fheabhsú agus cur le caighdeán na measúnuithe comhréireachta tar éis athrú eile fós a chur ar ghnéithe den timpeallacht rialála sin. Déantar an timpeallacht a mhúnlú a thuilleadh trí scéimeanna arna spreagadh ag gnólachtaí a léiríonn an dea-chleachtas agus a thugann buntáiste do chuideachtaí comhlíontacha ionas go n-éireoidh leo agus iad san iomaíocht sa tír seo agus thar lear.

Fágann na hathruithe leanúnacha sin go bhfuil sé ina dhúshlán ar NSAI na táirgí agus na seirbhísí a theastaíonn uathu a sholáthar do ghnólachtaí Éireannacha – déantúsóirí, soláthraithe seirbhíse, allmhaireoirí nó dáileoirí – ionas gur féidir leo cloí leis na rialacháin nó leis an dea-chleachtas. Baineann tábhacht ar leith leis sin i gcás ina bhfuil an comhlíonadh sin riachtanach chun rochtain a fháil ar an margadh, dul san iomaíocht i gceart nó trádáil sa mhargadh. Ag an am céanna, de réir mar a thagann forbairt ar an tsamhail-timpeallacht rialála ar bhonn caighdeán agus measúnú comhréireachta, tá méadú ag teacht ar an éileamh ó lucht déanta beartas, rialtóirí agus na húdaráis phoiblí a bhfuil baint acu le faireachas margaidh chun rochtain a fháil ar an saíneolas teicniúil atá ag NSAI ar mhaithe le comhchuspóirí a bhaint amach, dul i mbun comhair ina dtaobh agus réitigh a aimsiú ina leith.

Is iad na gníomhaíochtaí a dhéanann NSAI i ndáil le caighdeánú, measúnú comhréireachta agus méadreolaíocht na gnéithe lárnacha de bhonneagar cáilíochta teicniúla na hÉireann. Gan rochtain áitiúil ar na seirbhísí sin, bheadh moill, srian nó bac ar ghnólachtaí Éireannacha agus iad ag tabhairt táirgí agus seirbhísí chuig an margadh.

Réasúnaíocht:

1. Freagra a thabhairt ar na riachtanais atá ag gnólachtaí Éireannacha tríd an mbonneagar cáilíochta teicniúla agus na seirbhísí a sholáthar dóibh a oireann don ghnó agus do na timpeallachtaí rialála. Na seirbhísí sin a sholáthair go héifeachtach, tráthúil d'fhonn a chinntiú go n-éireoidh le gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, na rialacháin a chomhlíonadh agus seasamh iomaíoch a ghlacadh; agus
2. Freagra a thabhairt ar na riachtanais atá ag lucht déanta beartais, rialtóirí agus comhlachtaí forfheidhmithe agus comhlachtaí um fhaireachas margaidh, a bhfuil cuid de na cuspóirí beartais céanna ag NSAI agus atá acu féin, i dtaobh seirbhísí teicniúla ábhartha cuí a chur ar fáil ar mhaithe le gnólachtaí agus tomhaltóirí.

Cuspóirí:

1. Feabhas a chur ar chumas iomaíochta agus ar fheidhmíocht na ndéantúsóirí agus soláthraithe seirbhíse atá bunaithe in Éirinn trí rochtain a thabhairt ar an gcaighdeánú;
2. An deis a thabhairt do ghnólachtaí nua agus taighdeoirí agus nuálaithe atá amuigh chun tosaigh chun leas a bhaint as an taighde idirnáisiúnta maidir le caighdeánú agus tomhas;
3. Tacú le rialtóirí agus comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta trí scéimeanna um measúnú comhréireachta a sholáthar lena gcuirfear ar a gcumas do ghnólachtaí Éireannacha rochtain ar an margadh a fháil do tháirgí arna rialú ag an Aontas Eorpach;
4. Cleachtas chóra trádála a choimeád slán agus tomhaltóirí a chosaint do ghnólachtaí trí rialú na n-uirlisí tomhais agus trí earraí a dhíol de réir tomhais; agus
5. An bonneagar cáilíochta teicniúla is gá a sholáthar ionas gur féidir dul i ngleic go héifeachtach le dúshláin shóisialta, dúshláin gheilleagracha agus dúshláin theicniúla, san Eoraip agus ar fud an domhain.



Táscairí Feidhmíochta

Tá na gníomhaíochtaí faoin téama seo dírithe ar na sochair is fearr is féidir a bheith ag gnólachtaí agus ag an tsochaí ó tháirgí agus seirbhísí lárnacha NSAI. Is iad sásamh custaiméirí, chomh maith le sonraí a ghabhadh ar aschur seirbhíse agus ar líon na ngnólachtaí agus na ndaoine aonair a bhaineann leas as na seirbhísí éagsúla, na príomhtháscairí i dtaobh NSAI a bheith ag comhlíonadh a chuid cuspóirí faoin téama straitéiseach seo. Le linn shaolré na straitéise, aithneofar táscairí feidhmíochta ábhartha sna pleananna gnó inmheánacha agus i gcomhaontuithe bliantúla um leibhéil seirbhíse a dhéanfar le Ranna Rialtais, d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar an méid a bhainfear amach.

■ Caighdeán ■ An Mhéadreolaíocht ■ Measúnú Comhréireachta

Cuspóirí	Torthaí Inmhianaithe	Tionscnaimh
<p>1. Feabhas a chur ar chumas iomaíochta agus ar fheidhmíocht na ndéantúsóirí agus soláthraithe seirbhíse atá bunaithe in Éirinn trí rochtain a thabhairt ar an gcaighdeánú.</p>	<p>Neartú ar shocrú tosaíochta agus ar an gclársceidealú sna seirbhísí um chaighdeánú.</p> <p>Seirbhís shofhreagrach maidir le caighdeán a fhoilsiú, a dhíol agus a dháileadh.</p>	<p>Feabhas a chur ar an gcinnteoireacht straitéiseach agus ar chláir oibre um chaighdeánú trí Choiste Comhairleach um Chaighdeánú a bhunú.</p> <p>Dul i ngleic le hathruithe ar chaighdeánú leictreicniúil na hÉireann arna spreagadh ag an gcinneadh ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER).</p> <p>Tacú leis an obair caighdeánaithe in earnáil na foirgníochta agus i gceirdeanna gaolmhara trí Choiste Comhairleach um Chaighdeánú Foirgníochta a bhunú.</p> <p>Leaganacha Éireannacha de chaighdeán Eorpacha agus caighdeán idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme agus a fhoilsiú, agus a chinntiú go scaipfear go pras iad ar leabharlanna, institiúidí agus siopaí ar líne.</p> <p>Straitéis díolacháin a chur chun feidhme i leith foilseacháin a bhaineann le caighdeán, lena chinntiú go mbeidh luach ar airgead i gceist leis an rochtain ar chaighdeán.</p>
<p>2. An deis a thabhairt do ghnólachtaí nua agus taighdeoirí agus nuálaithe atá amuigh chun tosaigh chun leas a bhaint as an taighde idirnáisiúnta maidir le caighdeánú agus tomhas.</p>	<p>Caighdeán úrscothacha agus eolas agus scileanna tomhais atá dírithe ar na riachtanais atá ag earnáil na tionsclaíochta agus dlús a chur faoi leas a bheith á bhaint as aschur taighde ag teacht leis an gclár oibre taighde agus nuálaíochta.</p> <p>Córais caighdeánaithe optamaithe, idir chinn Eorpacha agus chinn idirnáisiúnta, mar bhealach chun faisnéis mhargaidh a scaipeadh agus buntáiste iomaíoch a thabhairt do ghnólachtaí atá ag teacht chun cinn in Éirinn agus do na pobail taighde agus nuálaíochta.</p>	<p>Páirt ghníomhach a ghlacadh le comhpháirtithe Eorpacha sa Chlár Méadreolaíochta Eorpach um Thaighde agus Nuálaíocht (EMPIR).</p> <p>Idirghníomhaíocht níos mó le hinstiúidí tríú leibhéal agus leis na pobail taighde agus nuálaíochta agus aistrithe teicneolaíochta in earnáil an fhuinnimh, san earnáil cúraim sláinte agus san earnáil TFC.</p> <p>Cur leis an rannpháirtíocht a bhíonn ag pobail taighde agus nuálaíochta i gcúrsaí caighdeánaithe.</p>

<p>3. Tacú le rialtóirí agus comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta¹¹ trí scéimeanna um measúnú comhréireachta a sholáthar lena gcuirfear ar a gcumas do ghnólachtaí Éireannacha rochtain ar an margadh a fháil do tháirgí arna rialú ag an Aontas Eorpach.</p>	<p>Seirbhísí measúnaithe comhréireachta, atá dírithe ar an gcustaiméir agus atá an-chreidiúnach, ionas gur féidir an méid seo a leanas a baint amach:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ Comharthaí CE i leith: <ul style="list-style-type: none"> ▶ Feistí Leighis; ▶ Táirgí Foirgníochta; agus ▶ Uirlisí Tomhais. ▶ Táirgí, próisis agus seirbhísí nach bhfuil comharthaí CE orthu á gcur ar an margadh. <p>Inár gcáil mar an tÚdarás Náisiúnta um Chineálcheadú, seirbhísí measúnaithe comhréireachta náisiúnta agus Eorpacha a sholáthar go tráthúil d'earnáil na bhfeithiclí.</p>	<p>Rochtain a thabhairt ar mhargaí agus éascú dó sin sa tír seo agus thar lear do dhéantóirí gluasteáin agus soláthraithe seirbhíse Éireannacha.</p> <p>Seirbhísí ceadaithe a sholáthar maidir le comhartha CE a bhronnadh ar Fheistí Leighis chun rochtain ar mhargadh leighis na hEorpa a éascú i gcás cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn agus cuideachtaí idirnáisiúnta.</p> <p>Tacú le Ranna Rialtais maidir le ceangaltais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme in earnáil na bhfeithiclí.</p> <p>Scéimeanna deimhniúcháin agus seirbhísí cigireachta cuí a sholáthar chun tacú le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais i dtaobh a léiriú go bhfuil ceangaltais an Aontais Eorpaigh á gcomhlíonadh in earnáil an bhia agus an uisce.</p> <p>Tacú le rialtóirí le saineolas teicniúil, scéimeanna agus tionscnaimh a bhaineann leis an earnáil foirgníochta.</p>
<p>4. Cleachtais chóra trádála a choimeád slán agus tomhaltóirí a chosaint i ndáil le huirlisí tomhais agus earraí a dhíoltar de réir tomhais.</p>	<p>Cleachtais forfheidhmithe éifeachtacha atá dírithe ar ráta comhlíonta 95% a bhaint amach i measc na dtrádálaithe i ngach earnáil ar fud na tíre.</p> <p>Feasacht níos mó ar an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh i measc trádálaithe a bhaineann úsáid as uirlisí tomhais agus a dhíolann earraí pacáistithe.</p>	<p>Forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar forfheidhmithe ar bhonn forfheidhmiú rioscabhunaithe chun cabhrú lena spreagadh go mbainfí amach leibhéal comhlíonta 90-95% ar fud gach catagóire uirlise.</p> <p>A chinntiú go soláthrófar seirbhísí leordhóthanacha ar fud an tíre maidir le huirlisí tomhais a fhíorú.</p> <p>Seirbhísí iomlána maidir le cigireacht agus fíorú a chur i bhfeidhm arís ar fud an tíre agus seirbhísí sholúbtha 24/7 a chur ar fáil de réir mar is gá.</p> <p>Pleananna forfheidhmithe a ullmhú do gach earnáil fóntais.</p> <p>Feasacht a mhúscailt agus gníomhaíochtaí na Méadreolaíochta Dlí a chur chun cinn ar mhaithe le tomhaltóirí a chosaint agus muinín a chothú i leith na trádála.</p>
<p>5. An bonneagar cáilíochta teicniúla is gá a sholáthar ionas gur féidir dul i ngleic go héifeachtach le dúshlán shóisialta, dúshlán gheilleagracha agus dúshlán theicniúla, san Eoraip agus ar fud an domhain.</p>	<p>Líonraí agus bonneagar láidir chun tacú le rannpháirtíocht sa chaighdeánú Eorpach agus idirnáisiúnta.</p>	<p>Tús áite a thabhairt d'ionchur na hÉireann don chaighdeánú Eorpach agus idirnáisiúnta agus é a chur chun cinn.</p> <p>Dul i mbun comhpháirtíochta le grúpaí a bhfuil leasmhara sonracha acu in earnálacha éagsúla agus le lucht ceaptha beartais phoiblí.</p> <p>Cur le rannpháirtíocht grúpaí sochaíocha i gcúrsaí caighdeánaithe.</p> <p>Córas tomhais na hÉireann a choinneáil ag teacht leis an gcóras SI comhchuibhithe domhanda, é a fheabhsú chuige sin agus caighdeáin phríomhúla a forbairt i réimsí áirithe.</p>



Sármhaitheas Ghnó

Is maith mar a aithnítear ar fud an domhain go mbaineann tábhacht lárnach le caighdeáin maidir le rochtain a fháil ar mhargáí agus laghdú a dhéanamh ar an am agus an iarracht atá i gceist le forbairt táirgí. Tá ról lárnach ag NSAI maidir le dul i gcomhairle le grúpaí leasa ar féidir leo leas a bhaint as caighdeáin ar bhonn díreach nó tríd an líonra eolais i ndáil le forbairt caighdeán.

I bpíosa taighde a foilsíodh sa Ghearmáin in 2013¹² féachadh ar an tionchar a bhíonn ag réimse leathan caighdeán foirmiúil agus neamhfoirmiúil maidir le córais bhainistíochta agus táirgí ar mar a éiríonn le gnólachtaí. Ar bhonn na bhfreagraí ar an suirbhé ó níos mó ná 300 cuideachta, fuarthas amach gur mó i bhfad an sochar a ghabhann le caighdeáin fhoirmiúla agus sonraíochtaí teicniúla a tháirgeann eagraíochtaí oifigiúla um chaighdeánú ar nós NSAI ná an sochar i gcás na gcaighdeán inmheánach ná na gcaighdeán trádála.

Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé a rinne an chuideachta Behaviour and Attitudes do NSAI in 2015¹³ ar 250 cuideachta Éireannach go gcreideann ceathrar as gach seisear go gcabhraíonn caighdeáin le dlús a chur faoi aistriú teicneolaíochta agus gur chuir an caighdeánú ar a gcumas do ghnólachtaí barainneacht scála a bhaint amach.

Toisc go soláthraíonn sé sraith chuimsitheach seirbhísí um measúnú comhréireachta a sholáthar, tá aitheantas ag NSAI mar acmhainn shuntasach do lucht gnó agus rialtóirí na hÉireann thar réimse earnálacha. Tríd an straitéis, beidh NSAI ag tógáil ar naisc le hearnáil na tionsclaíochta agus forbróidh sé seirbhísí a fhágfaidh níos éasca ag eagraíochtaí é a léiriú dá gcuid páirtithe leasmhara – custaiméirí agus a gcuid custaiméirí siúd, sonraitheoirí, rialtóirí, fostaithe, comharsana agus páirtithe leasmhara eile – go bhfuil siad ag cloí leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

12 Tuairisc ar tháscairí, Painéal na Gearmáine um Chaighdeánú, 2013

13 Standards: Usage & Attitudes 2015 B&A

Réasúnaíocht:

1. Fianaise ar bhonn tagarmharcála, a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aici, a sholáthar do ghnólachtaí i leith a gcuid córas bainistíochta;
2. A chinntiú go dtuigeann ghnólachtaí na sochair a bhaineann le caighdeán córas bainistíochta a chur chun feidhme chun cur lena sciar den mhargadh, a gcumas iomaíochta agus a gcumas fáis, agus go dtapóidh siad an deis sin;
3. Dul i gcomhairle go gníomhach le príomhpháirtithe leasmhara agus eolas teicniúil a scaipeadh; agus
4. A chinntiú go bhfuil rochtain ag ghnólachtaí agus taighdeoirí Éireannacha ar leibhéal chuí inrianaitheachta tomhais.

Cuspóirí:

1. Díriú ar phríomhghníomhaíochtaí NSAI a bhfuil sé ina chuspóir leo cur le hacmhainn agus fás a chothú do ghnólachtaí Éireannacha, agus na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn;
2. Gníomhaíochtaí NSAI a dhíriú ar na pobail taighde agus nuálaíochta agus ar na hinstiúidí tríú leibhéal, agus na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn;
3. Úsáid na gcaighdeán agus na sochair a bhaineann le caighdeánú a chur ar a súile d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí atá ag teacht chun cinn; agus
4. Stór eolais theicniúil a choimeád.



Táscairí Feidhmíochta

Tá na gníomhaíochtaí faoin téama seo dírithe ar fheasacht a mhúscailt i leith na sochar a bhaineann le caighdeán, seirbhísí méadreolaíochta agus seirbhísí measúnaithe comhréireachta. Tá an leas a bhaineann gnólachtaí as na seirbhísí sin ina tháscaire tábhachtach maidir leis an tuiscint atá ag oibreoirí margaidh agus ag na pobail taighde agus nuálaíochta ar na deiseanna atá le tapú dá mbar. Tá rátaí díolacháin na ndoiciméad foilsithe, mar aon leis an bhfreastal ar cheardlanna agus ar sheimineáir, ina dtáscairí freisin ar cibé an meastar nó nach meastar go mbaineann fiúntas le seirbhís, caighdeán nó scéim. Le linn shaolré na straitéise, aithneofar táscairí feidhmíochta ábhartha sna pleananna gnó inmheánacha agus i gcomhaontuithe bliantúla um leibhéal seirbhíse a dhéanfar le Ranna Rialtais, d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar an méid a bhainfead amach.

■ Caighdeán ■ An Méadreolaíocht ■ Measúnú Comhréireachta

Cuspóirí	Torthaí Inmhianaithe	Tionscnaimh
1. Díriú ar phríomhghníomhaíochtaí NSAI a bhfuil sé ina chuspóir leo cur le hacmhainn agus fás a chothú do ghnólachtaí Éireannacha, agus na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn.	Méadú ar an úsáid a bhaintear as an dea-chleachtas gnó idirnáisiúnta i measc gnólachtaí Éireannacha, idir mhór agus bheag, agus ar an tuiscint atá acu air.	<p>Leathnú ar úsáid an deimhniúcháin i leith córais bhainistíochta de réir mar a thagann borradh faoin ngeilleagar.</p> <p>Éascú d'aistriú réidh go dtí ISO 9001:2015, ISO 14001:2015, OHSAS 18001, agus an caighdeán nua ISO 45001.</p> <p>Cur le líon na ngnólachtaí a úsáideann an scéim bainistíochta acmhainní daonna 'Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe'.</p> <p>Scéimeanna deimhniúcháin speisialaithe a sholáthar ionas gur féidir leis an lucht tionsclaíochta buntáiste ar leith a bheith acu sa mhargadh.</p> <p>Scéimeanna do chórais bhainistíochta ar bhonn ISO a sholáthar do ghnólachtaí san earráil bia.</p> <p>Tacú le tionscnaimh sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus sa Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh lena áirítear deimhniúchán i leith ISO 50001.</p> <p>Na sochair a bhaineann le córais bhainistíochta a chur chun cinn do ghnólachtaí, idir bheag agus mhór, ar fud na n-earnálacha go léir.</p> <p>Tacú leis an bhforbairt ar bhraisle gnó na bhfeistí leighis san iarthar trí mheán gníomhaíochtaí in oifig na Gaillimhe.</p>
		Tairiscint ardchaighdeán, éifeachtacht a sholáthar i dtaobh calabrú tomhais trí chur le leibhéal an uathobrithe agus trí fheabhas a chur ar an tseirbhís.
	Tacaíocht a thabhairt do na hearnálacha ardteicneolaíochta sna tionscail leathsheoltóra, chógaisíochta, feistí leighis agus seirbhísí.	<p>Feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí beacht-tomhais agus calabraithe agus cur lena raon trí thaighde agus forbairt i dtaobh tomhais.</p> <p>Sainchomhairle a thabhairt faoi ábhair chasta a bhaineann le tomhas.</p>

2.	Gníomhaíochtaí NSAI a dhíriú ar na pobail taighde agus nuálaíochta agus ar na hinstiúidí tríú leibhéal.	Líonra leathnaithe teagmhálaithe i bpríomhearnálacha taighde agus úsáid níos leithne a bhaint as caighdeáin NSAI agus a chuid seirbhísí méadreolaíochta.	Caidreamh láidir a chothú le páirtithe leasmhara tábhachtacha i réimse an taighde atá ag obair le Fís 2020 agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.
			Dul i mbun comhpháirtíochta le hinstiúidí náisiúnta méadreolaíochta, lucht tionsclaíochta agus instiúidí tríú leibhéal san Eoraip i réimsí taighde a bhaineann leis an méadreolaíocht.
3.	Úsáid na gcaighdeán agus na sochair a bhaineann leis an gcaighdeánú a chur ar a súile d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí atá ag teacht chun cinn.	Feasacht a mhúscailt i dtaobh caighdeán a fhorbairt agus a úsáid i dtimpeallacht nuálaíochta dinimiciúil agus a thionchar sin a mheas.	Straitéis chumarsáide chlársceidealaithe a chur chun feidhme d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontraithe.
			Tacaíocht a thabhairt do threoirstaidéir ar na sochair thráchtála a bhaineann lena bheith ag obair le caighdeáin sa nuálaíocht.
			Feabhas a chur ar mhodhanna scaipthe eolais i réimse na méadreolaíochta chuig lucht féachana níos leithne (mar shampla, treoracha teicniúla, seimineáir ghréasáin) agus páipéir taighde a fhoilsiú.
		Dul i gcomhairle ar bhonn forleathan le hinstiúidí tríú leibhéal maidir leis an gcaighdeánú.	Clár coinní a chur ar bun d'instiúidí tríú leibhéal ar chaighdeánú, méadreolaíocht agus measúnú comhréireachta. An tábhacht a bhaineann le caighdeáin mar mhodúl i gcúrsaí Innealtóireachta agus Eolaíochta tríú leibhéal a chur chun cinn.
4.	Stór eolais theicniúil a choimeád.	Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar maidir le ceisteanna a bhaineann le caighdeáin, measúnú comhréireachta agus ábhair rialála theicniúla eile	Ról NSAI a chothú mar phointe teagmhála náisiúnta i leith táirgí maidir le rochtain ar mhargadh an Aontais Eorpaigh do tháirgí neamhrialaithe, agus fógraí i dtaobh sonraíochtaí teicniúla. Tabhairt faoi staidéar féidearthachta chun measúnú a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhís níos leithne i ndáil le heolas teicniúil.



An Timpeallacht Ghnó Dhomhanda

Léiríonn an timpeallacht ghnó domhanda athruithe ar luachanna, dearcadh agus tosaíochtaí na sochaí. Bíonn tionchar ag na hathruithe cultúrtha sin ar ghnólachtaí, idir mhór agus bheag, agus ansin ní mór do na gnólachtaí sin dul in oiriúint don timpeallacht atá ag athrú agus aird acu ar an dul chun cinn maidir leis an dea-chleachtas gnó idirnáisiúnta faoi rialú ag córais bainistíochta cáilíochta atá faoi threoir earnáil na tionsclaíochta.

Ina cháil mar an comhlacht Stáit oifigiúil i ndáil le caighdeánú, féachann lucht gnó agus an pobal i gcoitinne chuig NSAI lena bheith ina údarás maidir le cúrsaí a bhaineann leis an dea-chleachtas innealtóireachta, córais bhainistíochta agus táirgí a bheith ag cloí le rialacháin náisiúnta agus rialacháin Eorpacha. San Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, éilítear ar NSAI:

Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na gcomhlachtaí caighdeán náisiúnta, réigiúnach, Eorpach nó idirnáisiúnta eile a bhfuil cuspóirí nó feidhmeanna acu atá cosúil le cuspóirí nó feidhmeanna NSAI nó atá ábhartha ina dtaobh

Tá dhá aidhm leis an méid sin:

1. Ní mór do NSAI a bheith in ann a chur ar chumas ghnólachtaí na hÉireann rochtain a bheith acu ar mhargaí níos leithne na hEorpa agus an domhain, agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le nithe a bhaineann le comhlíonadh.
2. Ní mór do NSAI coinneáil suas leis an méid atá ag tarlú sa mhargadh agus le nithe a bhaineann le measúnú comhréireachta ar tháirgí agus seirbhísí in Éirinn agus thar lear.

Ag an bpointe seo, d'fhéadfaí a áitiú gurb é an fhorbairt is mó sa teicneolaíocht ar domhan ná an réabhlóid tionsclaíochta dhigiteach agus cur i bhfeidhm níos leithne TFC agus forbairtí teicneolaíochta a bhaineann leo inár saol laethúil. Creidtear go forleathan go bhfuil réabhlóid thionsclaíoch nua ag tosú ar domhan, a bheidh ar an gceathrú léim chandaim chun tosaigh den sórt sin, agus ar a dtugtar Tionsclaíocht 4.0 go minic dá réir. Is minice agus is minice anois a bhíonn ceangal digiteach ina bhonn ag an slabhra luacha a bhaineann le táirge a dhéanamh (na soláthraithe, an mhonarcha, an slabhra dáileacháin, fiú an táirge féin) – tá coincheap Tionscal 4.0 ag luí le forbairtí cosúil le hIdirlíon Tionsclaíoch na nEarraí agus Ard-Déantúsaíocht nó Déantúsaíocht Chliste. Tá an tAontas Eorpach ag freagairt don mhéid sin ar bhonn réigiúnach trí mheán an Mhargaidh Aonair Dhigiteach agus trí Fhís 2020, agus meastar go bhfuil na caighdeáin ina ngné lárnach den dá thionscnamh sin.

Is mór na dúshláin atá le sárú ag comhlachtaí caighdeán, ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal Eorpach agus an leibhéal domhanda, maidir le caighdeáin a sholáthar ina ndéantar códú ar ráta tapa athraithe na teicneolaíochta. Tá baint ag NSAI le tionscnaimh atá dírithe ar eagraíochtaí caighdeán Eorpacha agus domhanda a dhéanamh níos aclaí, níos comhtháite agus níos sofheagracha.

Is maith mar atá NSAI suite chun leas a bhaint as an eolas agus an saineolas atá ar fáil trí na líonraí atá cruthaithe ag baill Eorpacha agus idirnáisiúnta de chuid eagraíochtaí a bhíonn ag plé le caighdeánú, measúnú comhréireachta agus leis an méadreolaíocht.

Réasúnaíocht:

1. Cur leis an mbonn eolais atá ag NSAI trí ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta um measúnú comhréireachta chun tacú leis na hinníúlachtaí lárnacha;
2. An leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as an mballraíocht in eagraíochtaí idirnáisiúnta; agus
3. Caighdeáin agus rochtain ar obair i ndáil le caighdeáin a úsáid chun cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn a chur chun cinn i dtaobh deiseanna a thapú i ndáil le digitiú na déantúsaíochta (Tionsclaíocht 4.0, mar shampla), seirbhísí agus an tsochaí.

Cuspóirí:

1. A chur ar a gcumas do dhéantóirí feistí leighis rochtain éifeachtach a bheith acu ar mhargaí an Aontais Eorpaigh agus ar mhargaí domhanda;
2. Tógáil ar an rochtain ar ghnólachtaí domhanda le cuidiú ó sheirbhísí idirnáisiúnta um measúnú comhréireachta chun feabhas a chur ar eolas agus inníúlachtaí ar mhaithe le leas na hÉireann;
3. Leas a bhaint as ár mballraíocht in eagraíochtaí Eorpacha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta ar mhaithe le leas na hÉireann; agus
4. Cabhrú le gnólachtaí Éireannacha fáil faoi réir agus dul san iomaíocht i gcomhthéacs dhúshláin dhomhanda na mbeartas um athrú aeráide.



Táscairí Feidhmíochta

Tá na gníomhaíochtaí faoin téama seo dírithe ar a chinntiú go mbeidh ballraíocht idirnáisiúnta agus láithreach dhomhanda NSAI ina mbealaí réamhghníomhacha do ghnólachtaí chun a bheith rannpháirteach sna forbairtí teicneolaíochta, digiteacha agus nascachta atá ag teacht chun cinn agus ag dul i bhfeidhm ar a gcuid timpeallachtaí oibríochta, agus coinneáil suas leis an forbairtí sin. Le linn shaolré na straitéise, aithneofar táscairí feidhmíochta ábhartha sna pleananna gnó inmheánacha agus i gcomhaontuithe bliantúla um leibhéil seirbhíse a dhéanfar le Ranna Rialtais, d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar an méid a bhainfear amach.

Caighdeáin An Mhéadreoilaíocht Measúnú Comhréireachta

Cuspóirí	Torthaí Inmhianaithe	Tionscnaimh
1. A chur ar a gcumas do dhéantóirí feistí leighis rochtain a bheith acu ar mhargaí an Aontais Eorpaigh agus ar mhargaí domhanda.	Coinneáil leis an gceadú in Éirinn trí mheán an Chomhartha CE agus le ról NSAI mar Chomhlacht dá dTugtar Fógra i leith na bhfeistí leighis is mó riosca ina dtaobh (Sraith 1).	Éascú d'aistriú réidh na gcliaint chuig Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Feistí Leighis agus chuig caighdeáin athbheithnithe ISO 13485 ó 2017 ar aghaidh. Dírú ar sciar níos mó den mhargadh feistí leighis a bhaint amach do cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn agus ar an leibhéal domhanda. Seirbhís chomh-íniúcháireachta MDSAP ¹³ a fhorbairt nuair a bheidh fáil ar an gclár sin.
2. Tógáil ar an rochtain ar lucht gnó le cuidiú ó sheirbhísí idirnáisiúnta um measúnú comhréireachta chun feabhas a chur ar eolas agus inniúlachtaí ar mhaithe le leas na hÉireann.	Aitheantas níos mó do NSAI thar lear agus cáil níos fearr i measc gnólachtaí sna Stát Aontaithe agus ar domhan a bhfuil ceangal acu le hÉirinn nó a bhféadfadh ceangal a bheith acu léi.	Pacáistí príomhshrutha cuí um measúnú comhréireachta a dhírú ar ghnólachtaí sna Stáit Aontaithe agus ar domhan agus iad a chur chun cinn, agus béim á leagadh ar na gnólachtaí atá i mbun oibríochta in Éirinn nó a d'fhéadfadh a chinneadh teacht anseo. Seirbhísí ceadaithe AE agus UNECE a sholáthar le haghaidh mótarfheithiclí, comhpháirteanna, agus gabhálaí chun rochtain ar mhargadh gluasteán na hEorpa a éascú do chuideachtaí Éireannacha agus do chuideachtaí idirnáisiúnta. Leas a bhaint as ár mballraíocht sa líonra comhpháirtíochta IQNET lena chinntiú gur féidir le gnólachtaí Éireannacha aitheantas níos forleithne agus rochtain níos leithne ar an margadh a bhaint amach.
3. Leas a bhaint as ár mballraíocht in eagraíochtaí Eorpacha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta ar mhaithe le leas na hÉireann.	Bainfidh gnólachtaí Éireannacha leas as an saineolas agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta atá ann a bhfuil le ballraíocht NSAI in eagraíochtaí idirnáisiúnta. An rannpháirtíocht is fearr is féidir a bheith ag páirtithe leasmhara Éireannacha sa chinnteoireacht maidir le caighdeánú agus an tionchar is mó á imirt acu ina leith sin.	Tagarmharcáil a dhéanamh ar inniúlacht tomhais NSAI agus a chumas i dtaobh cur lena chuid eolais i gcomparáid le comhghleacaithe Eorpacha. Eolas a scaipeadh a thagann as a bheith páirteach i bhfóraim Eorpacha agus idirnáisiúnta. Na torthaí is fearr a bhaint amach ón ionadaíocht idirnáisiúnta, mar shampla ról boird nó ról oifigigh i gcomhlacht Eorpach nó comhlacht domhanda a bhíonn ag plé le caighdeáin. Clár a chur chun feidhme a eascraíonn as rannpháirtíocht/ tionchar níos mó de réir earála.
4. Cabhrú le gnólachtaí Éireannacha fáil faoi réir agus dul san iomaíocht i gcomhthéacs dhúshláin dhomhanda na mbeartas um athrú aeráide.	Tacaíochtaí don Gheilleagar Glas atá ag teacht chun cinn.	Caighdeáin ábhartha agus seirbhísí caighdeánaithe a sholáthar chun cuidiú le gnólachtaí Éireannacha inbhuaine a léiriú, agus iadsan a chur chun cinn. Dul i gcomhairle le SEAI agus le gníomhaireachtaí cuí eile chun na sonraíochtaí teicniúla riachtanacha a sholáthar a bhaineann le bainistíocht fuinnimh agus acmhainní fuinnimh mhalartaigh.

Soláthar Seirbhísí agus Bainistíocht Feidhmíochta



Pleananna Gnó Trí Bliana

Tá an plean straitéiseach cúig bliana seo, atá dírithe ar an bpobal, nasctha le pleananna gnó mionsonraithe trí bliana i leith gach ceann de na feidhmeanna lárnacha – Caighdeáin, Deimhniúchán, Méadreolaíocht, agus Seirbhísí Tacaíochta – don tréimhse 2016-2018. Tá athbhreithniú lárthearma ar an straitéis beartaithe don dara leath de 2018 nuair a bheidh sonraí feidhmíochta an dara Ráithe ar fáil. Bunaithe ar an athbhreithniú sin, déanfar na pleananna gnó (de chuid phríomhfheidhmeanna NSAI) a nuashonrú le cláir oibre don dá bhliain deiridh den straitéis (2019 go dtí 2020).

Pleananna Oibriúcháin Bliantúla

Cuirfear chun feidhme an plean straitéiseach trí fhorbairt agus chur chun feidhme na bpleananna oibriúcháin bliantúla a chuirfear faoi bhráid Bhord NSAI lena bhfaomhadh. Tugtar sonraí sna pleananna sonraí sin faoi chláir oibre agus bunspríocanna inghnóthaithe lena dtacaítear le soláthar seirbhísí agus le baint amach na gcuspóirí straitéiseacha.

Tuairisciú ar Fheidhmíocht

Beidh baint amach na bpleananna straitéiseacha agus oibriúcháin bliantúla faoi mhonatóireacht ráithiúil trí raon Eochairtháscairí Feidhmíochta. Beidh Comhaontú Seirbhíse ag gabháil leis sin, a chomhaontófar gach bliain leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus tabharfaidh an comhaontú sin eolas don Aire faoi fheidhmíocht fhoriomlán an Údaráis.

Príomh-Rioscaí

Mar is amhlaidh i gcás pleanáil fhadtéarmach ar bith, tá an timpeallacht faoi réir athraithe, agus d'fhéadfadh tosaíochtaí éagsúla a theacht chun cinn le linn théarma na straitéise, rud d'fhéadfadh a bheith faoi smacht an Údaráis nó lasmuigh de. Rinneadh gnéithe feidhmeacha an phlean a mheasúnú i gcomhthéacs rioscaí príomhúla a d'fhéadfadh tionchar diúltach nó dearfach a bheith acu ar bhaint amach na gcuspóirí straitéiseacha.





Ár nDaoine agus ár bPróisis

Na Daoine

Baineann tábhacht lárnach le foireann NSAI, a líonra saineolaithe teicniúla, agus a chomhpháirtithe soláthair seirbhíse maidir le comhlíonadh an phlean straitéisigh seo. Le linn a shaolré, beidh dúshlán nach beag le sárú ag an Údarás maidir le hacmhainní, pleanáil chomharbais agus coinneáil an eolais agus an tsaineolais thábhachtaigh atá carntha againn thar na blianta fada. Ar na cúiseanna sin, agus mar gheall gurb amhlaidh, i rith na tréimhse bearta éigeandála airgeadais, gur laghdaigh formhór na bhfeidhmeanna a n-acmhainneacht go dtí leibhéal neamh-inbhuanaithe, tá cuid mhór infheistíochta san fhoireann beartaithe do 2016 agus 2017. Beidh NSAI ag leanúint ar aghaidh freisin ag gabháil do sholáthar malartach seirbhísí mar is cuí laistigh de pharaiméadair bainistíochta riosca.

I gcomhthreo leis an soláthar acmhainní, beidh NSAI ag infheistiú san acmhainn foirne, saineolaithe agus soláthraithe seirbhíse trí réitigh foghlama agus forbartha lena n-áireofar aistriú eolais chuig an gcéad ghlúin saineolaithe eile.

Cáilíocht

Tá NSAI tiomanta do dhul i ngleic go seasta le hionchais na bpáirtithe leasmhara agus do cheanglais na gcaighdeán bainistíochta faoina bhfeidhmíonn sé, ar nós ISO 9001 agus ISO/IEC 17021:15, a chomhlíonadh mar aon le feabhas leanúnach a chur ar a éifeachtacht. Bainfidimid an méid sin amach trí dhírú ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara eile agus trí choinneáil leis an rannpháirtíocht dhearfach, réamhghníomhach lenár bhfoireann i ndáil le feidhmiú ár gcuid seirbhísí agus i ndáil leis an bhforbairt leanúnach orthu. Beidh córais bhainistíochta NSAI ina ngné thábhachtach a chuideoidh linn ár gcuid cuspóirí agus torthaí straitéiseacha a bhaint amach.


An Teicneolaíocht

Tá éilimh nua á ndéanamh ar an Údarás de bharr teicneolaíocht cheannródaíoch, athrú ar an déimeagrafaic agus cleachtais oibre nua, agus tá deiseanna nua le tapú aige dá réir. Fágann sé sin go bhfuil dúshlán á chur faoin tuiscint a bhíonn ag daoine de ghnáth maidir le conas a oibrímid le faisnéis, a fhaighimid rochtain uirthi, agus a mbainimid leas aisti. D'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin a fheicimid romhainn sa straitéis, ullmhófar straitéis shonrach TFC faoin ndéanfar infheistíocht sa mhéid seo a leanas:


- ▶ Réitigh lena n-éascófar don rannpháirtíocht agus do rochtain éasca ar ábhar a bhaineann le caighdeán i gcás a líonra saeolaithe agus páirtithe leasmhara;
- ▶ Réitigh ghnó atá oscailte, inoiriúnaithe agus stuama, agus a léireoidh riachtanais oibríochtúla na heagraíochta agus forbairtí teicneolaíochta; agus
- ▶ Feabhas ar chomhéadain sonraí agus ar thuairisciú, a chuideoidh le cur leis an trédhearcacht agus le tuairisciú feidhmíochta.

Cúrsaí Airgeadais

Samhlaítear faoin bplean straitéiseach seo go mbeidh fás leanúnach ar shruthanna ioncaim NSAI, agus tá sé bunaithe ar shamhail mhionsonraithe le haghaidh gach feidhme thar gach ceann de na cúig bliana, ar bhonn roinnt toimhdí a bhaineann le hacmhainní, éileamh an mhargaidh ar sheirbhísí féin-mhainithe agus ar sheirbhísí arna gcistiú ag an Stát, boilsciú, boilsciú pá, costas seirbhísí seachtracha, agus rátaí malairte. Tar éis roinnt blianta ina raibh laghdú ar an éileamh ar an státchiste, fágfaidh sé sin go dtiocfaidh méadú sa ghearrthéarma ar an riachtanas cistiúcháin atá againn go dtí go mbeidh toradh le feiceáil ar an infheistíocht sna seirbhísí a ngearrtar táillí orthu agus go dtiocfaidh méadú ar an gcion i leith an chostais fhoriomláin (Fíor 4 agus Fíor 5).



Fíor 4: Riachtanais NSAI i dtaobh Cistiúcháin



Fíor 5: Forléargas ar Fhoinsí Cistiúcháin NSAI 2016 & 2020

Athchóiriú na hEarnála Poiblí

Tá plean athchóirithe na hearnála poiblí ina chuid lárnach den fhreagra straitéiseach ar na dálaí geilleagracha a bhí le sárú ag an tír agus bhí ról lárnach aige i téarnamh na hÉireann le blianta beaga anuas. Ó thréimhse na mbeart éigeandála airgeadais, tá NSAI tar éis líon na foirne agus leithdháiltí deontais a ghabhann leis sin a laghdú de 30%. Laistigh den timpeallacht shrianta sin, choinnigh an tÚdarás lena chuid tairiscintí seirbhíse (agus chuir sé leo ina lán cásanna) agus é ag cur le sruthanna ioncaim thar raon na seirbhísí a ngearttar táille orthu, rud a thacaigh le sainchúram seasta na heagraíochta i dtaobh seirbhís poiblí.

Mar sin féin, tá athchóiriú éifeachtach, leanúnach de dhíth má tá an tÚdarás chun leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí riachtanacha i dtimpeallacht ina bhfuil an líon foirne laghdaithe go mór agus géarshrianta airgeadais i réim. Laistigh den phlean straitéiseach seo, leanfaidh an tÚdarás ag aghaidh ag díriú ar éifeachtúlacht mhéadaithe mar aon leis na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach dá chuid páirtithe leasmhara. Déanfar an méid sin trí sheirbhísí a chur in ord tosaíochta, innealtóireacht próiseas gnó, réitigh TFC, dearadh/athstruchtúrú na heagraíochta agus forbairt foirne.

Tá NSAI tiomanta freisin do thacú le tionscnaimh lárnacha atá dírithe ar an téarnamh geilleagrach agus leanfaidh sé ar aghaidh lena rannpháirtíocht le comhlachtaí stáit agus rialtóirí, agus é ag cabhrú le comhlíonadh na gcúraimí náisiúnta trí chomhaontais straitéiseacha agus meabhráin tuisceana idir gníomhaireachtaí a bhfuil na cuspóirí céanna acu féin agus NSAI, d'fhonn seirbhísí teicniúla atá ábhartha agus cuí a sholáthar ar mhaithe le gnólachtaí agus tomhaltóirí.

Aguisín 1

Critéir Measúnaithe i dtaobh Fheidhmeanna NSAI

Critéir Measúnaithe – Athbhreithniú ar Sheirbhísí/Feidhmeanna

Grúpa	Critéir	Míniú
Margadh, Spreagthóir	Ceangaltas Dlí/Riachtanas Éigeantach	An bhfuil NSAI freagrach faoi reachtaíocht phríomhúil, reachtaíocht thánaisteach, i gcáil comhlacht dá dtugtar fógra, ar bhonn iarratas ó Roinn nó ó ghníomhaireacht?
	Éileamh an Mhargaidh	Cén t-éileamh atá ar an tseirbhís seo in Éirinn?
	Tiomantas na bPáirtithe Leasmhara	Cé chomh tiomanta is atá na páirtithe leasmhara ábhartha (an rialtas, rialtóirí, earnáil na tionsclaíochta) do NSAI a bheith á sholáthar seo?
Tionchar	Tairbhe don tSochaí (Leas an Phobail)	Tairbhe do shaoránaigh agus do cháilíocht na beatha go ginearálta in Éirinn.
	Tairbhe do Ghnó na hÉireann (Leas an Lucht Gnó)	Tairbhe do ghnólachtaí atá bunaithe in Éirinn maidir le táirge iomaíoch a sholáthar do mhargaí baile agus margáí onnmhairíochta.
	Freagracht Shóisialta Chorparáideach (Eitice)	Cur le seasamh idirnáisiúnta na hÉireann i dtaobh iompar eiticiúil, cleachtais san ionad oibre, bainistíocht comhshaoil, cúrsaí pobail etc.
Eisiachas	Gan Mórán Táirgí Inchomparáide	An í an tseirbhís seo an t-aon bhealach amháin atá ag cuideachta chun an riachtanas seo a chomhlíonadh?
	Gan Mórán Soláthraithe Seirbhíse Malartacha	An bhfuil soláthraithe inmheasúnaithe eile ann (san earnáil príobháideach nó thar lear) a sholáthraíonn an tseirbhís chéanna?

Aguisín 2

Ballraíocht in Eagraíochtaí Caighdeán Idirnáisiúnta

Ballraíocht in Eagraíochtaí Caighdeán Idirnáisiúnta

CEN	An Coiste Eorpach um Chaighdeánú	Caighdeáin
CENELEC	An Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictreicniúil	Caighdeáin
ISO	Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán	Caighdeáin
IEC	An Coimisiún Idirnáisiúnta Leictreicniúil	Caighdeáin
Euramet	Cumann Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta	Méadreolaíocht Náisiúnta
BIPM	An Biúró Idirnáisiúnta Meáchan agus Tomhas	Méadreolaíocht Náisiúnta
OIML	Eagraíocht Idirnáisiúnta na Méadreolaíochta Dlí	Méadreolaíocht Dlí
Welmec	Comhar Eorpach sa Mhéadreolaíocht Dlí	Méadreolaíocht Dlí
IQnet	An Líonra Deimhniúcháin Idirnáisiúnta	Deimhniúchán
EOTA	An Eagraíocht Eorpach um Cheaduithe Teicniúla	Deimhniúchán (Agrément)

Aguisín 3

Coistí Caighdeán

Coistí Caighdeán

Foirgníocht

NSAI/TC 003	Coiste Coincréite
NSAI/TC 008	Adhmad
NSAI/TC 010	Soláthar Uisce
NSAI/TC 011	Innealtóireacht Fuíolluisce
NSAI/TC 012	Sclátaí agus Tiliú
NSAI/TC 015	Eorachóid Náisiúnta
NSAI/TC 016	Sábháilteacht Dóiteán
NSAI/TC 017	Caighdeán Bhóithre
NSAI/TC 019	Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh
NSAI/TC 031	Seirbhísí Foirgníochta
NSAI/TC 040	Iarfheistiú teaghaisí atá ann cheana
NSAI/TC 046	Táirgí Foirgníochta
NSAI/TC 058	Pirit imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir
NSAI/TC 061	Simléir
NSAI/TC 059	Fuinneamh

Innealtóireacht

NSAI/TC 001	Gás
NSAI/TC 006	Leictreicniúil
NSAI/TC 033	Craenacha
NSAI/TC 050	Peitрилam a Thaiscéaladh agus a Astarraingt

An Comhshaoil

NSAI/TC 004	Nithe Comhshaoil
NSAI/TC 053	Bailíochtú Swift 7 ar ghual i malai

Bia

NSAI/TC 013	An Tionscal Bia
NSAI/TC 062	An Bhith-theicneolaíocht

Sláinte agus Sábháilteacht

NSAI/TC 028	Córais bainistíochta um shláinte agus sábháilteacht cheirde
NSAI/TC 024	Sábháilteacht Chuaillí
NSAI/TC 025	Sábháilteacht Iománaíochta agus Chamógaíochta
NSAI/TC 047/SC14	Cáilíocht an aeir sa Chábán (Aerárthaí)
NSAI/TC 054	Brathadóirí aonocsaíde carbóin Swift 8

TFC

NSAI/TC 002	TFC
NSAI/TC 021	Faisnéisíocht Sláinte

Cúram Sláinte

NSAI/TC 005	Cúram Sláinte
NSAI/TC 042	Comhairle faoi Chosmaidí
NSAI/TC 047/SC13	Seirbhísí Tatuála

Cáilíocht agus Riosca

NSAI/TC 007	Bainistíocht Cáilíochta
NSAI/TC 022	Bainistíocht Scoile Scéimhe
NSAI/TC 045	Bainistíocht Nuálaíochta
NSAI/TC 043	Comhairle CASCO
NSAI/TC 030	Bainistíocht Riosca
NSAI/TC 048/SC 09	Bainistíocht Sócmhainní

Seirbhísí

NSAI/TC 035	Seirbhísí Turasoíreachta
NSAI/TC 038	Seirbhísí Sainchomhairleoirí Bainistíochta
NSAI/TC 052	Seirbhísí Sciamhlainne

Ilghnéitheach

NSAI/TC 018	Freagracht Chorporáideach
NSAI/TC 023	Coiste Comhairliúcháin um Chaighdeán Dearaidh Uilíocha
NSAI/TC 049	An Nanaitheicneolaíocht

